CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/189 ÓN gCOMHAIRLE

an 10 Feabhra 2022

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) An 28 Eanáir 2022, leasaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an liostú do dhuine amháin atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 15:

"15. **Ainm**: **1: SAADI 2: QADHAFI 3: n/b 4: n/b**

Teideal: n/b **Ainmniú:** Ceannasaí ar Special Forces **Dáta Breithe: a)** 27 Bealtaine 1973 **b)** 1 Eanáir 1975 **Áit bhreithe:** Tripilí, an Libia **Ardcháilíocht dá ngairtear freisin.:** n/b **Cáilíocht íseal dá ngairtear freisin.:** n/b **Náisiúntacht:** n/b **Uimh. an Phas: a)** 014797 **b)** 524521 **c)** Uimhir na Libia AA862825, arna eisiúint an 19 Bealtaine 2021, arna eisiúint i dTripilí (in éag 18 Bealtaine 2029) **Uimh. aitheantais náisiúnta:** n/b **Seoladh:** an Libia (faoi choinneáil) **Arna liostú:** 26 Feabhra 2011 (arna leasú an 28 Eanáir 2022, 26 Márta 2015, 2 Aibreán 2012, 14 Márta 2012) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhír 15 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil). Liostaithe an 17 Márta 2011 de bhun mhír 17 de rún 1970 (Reo Sócmhainní)."